



## Ceisteanna Coitianta

Soláthar chun ligean do bhaill foirne áirithe san earnáil oideachais agus oiliúna a bheith á gcoinneáil i bhfostaíocht thar a n-aois scoir éigeantaigh, 65 bliana d'aois, go dtí go mbeidh siad in aois incháilitheachta don Phinsean Stáit Ranníocach – Ní mór na ceisteanna sin a léamh i dteannta Ciorclán 0027/2018

### 1. Cé atá in ann leas a bhaint as na Socruithe Sealadacha?

Daoine atá i mbun seirbhíse ar nó roimh an 5 Nollaig 2017 nó dá éis agus ar thosaigh a seirbhís roimh an 1 Aibreán 2004 agus nach raibh briseadh de níos mó ná 26 seachtaine lena linn (nach n-áirítear saoire ceadaithe/reachtúil) tráth ar bith sular bhain sé amach scor éigeantach, agus,

(ii) a bhfuil aois scoir éigeantaigh de 65 bainte amach aige/aici (nó, i gcás bhaill foirne áirithe, deireadh na scoilbhliana/na bliana acadúla ina mbaintear 65 bliain d'aois amach), agus go mbainfidh sé/sí an aois scoir éigeantaigh amach idir 5 Nollaig 2017 agus tús a chur na reachtaíochta riachtanaí chun éifeacht a thabhairt do Chinneadh an Rialtais.

### 2. Cé chomh fada is féidir mé a choinneáil thar aois scoir éigeantaigh faoi na socruithe sealadacha?

Féadfaidh duine a bhfuil a aois scoir éigeantaigh ann ar an dáta a mbainfidh sé/sí 65 bliana d'aois amach iarratas a dhéanamh chun é/í a choinneáil go dtí go an dáta a mbainfear amach aois 66 bliana. Mar sin féin, i gcás bhall foirne áirithe, a bhfuil dáta scoir éigeantaigh faoi láthair acu ag deireadh na scoilbhliana/na bliana acadúla a mbaintear anois 65 bliana amach, féadfar an duine sin a choinneáil go dtí deireadh na scoilbhliana/na bliana acadúla a mbeidh an aois 66 bliana d'aois bainte amach.

### 3. An gcaithfidh mé fanacht i bhfostaíocht thar mo dháta scoir éigeantaigh faoi na socruithe sealadacha?

Ní chaithfidh. Ní éilíonn na socruithe sealadacha ná an reachtaíocht atá beartaithe é éigeantach fanacht níos faide ná dáta scoir éigeantaigh na ndaoine lena mbaineann.

### 4. An bhfuil aon athrú faoi na socruithe sealadacha maidir leis an dáta is luaithe ar féidir le duine dul ar scor faoi láthair?

Níl. Ní dhéanfaidh na socruithe sealadacha ná an reachtaíocht atá beartaithe athrú ar na socruithe luathscoir i gcás ina bhfuil siad ann faoi láthair.

### 5. Sroichim aois scoir éigeantaigh in 2018 ach is mian liom fanacht faoi na socruithe sealadacha, an gcaithfidh mé dul ar scor?

Caithfidh. Fanann do dháta scoir éigeantaigh fós mar atá, go dtí go mbeidh éifeacht ag an reachtaíocht atá beartaithe, dá réir sin ní mór duit dul ar scor nuair a bhaineann tú an aois scoir éigeantaigh amach. Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh, áfach, go gcoinneofaí thú go dtí do lá breithe 66 nó, i gcás iad siúd a bhfuil dáta scoir éigeantaigh acu faoi láthair ag deireadh na scoilbliana/na bliana acadúla nuair a bhaintear 65 bliana d'aois amach, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh chun go gcoinneofaí thú go dtí deireadh na scoilbliana/na bliana acadúla ina mbainfear 66 bliana d'aois amach.

#### **6. Cén chaoi a ndéanaim iarratas le go gcoinneofaí mé?**

Féadfaidh duine iarratas a dhéanamh chuig a bhfostóir ag lorg an tsocraithe seo. Chun críche na hImlitreach seo i gcás bhall foirne na mbunscoileanna, na meánscoileanna, na bpobalscoileanna agus na scoileanna cuimsitheacha aitheanta, is é an Bord Bainistíochta an fostóir. I gcás na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO), Institiúidí Teicneolaíochtaí (ITanna), ollscoileanna agus comhlachtaí eile a bhaineann le hoideachas, ba cheart do na fostaithe a n-iarratas a chur chuig Aonad Acmhainní Daonna a n-eagraíochta.

#### **7. An bhfuil foirm iarratais ann?**

Tá foirm iarratais ceangailte le tagairt Chiorclán 0027/2018 na Roinne seo agus is féidir teacht air ag an nasc idirlín seo:

[https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/c10027\\_2018.pdf](https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/c10027_2018.pdf)

Ba chóir do mhúinteoir a bheartaíonn leanúint ar aghaidh ag múineadh i gcáil lánaimseartha sa scoilbhliain tar éis dó/di aois scoir éigeantaigh a bhaint amach, é sin a chur in iúl don príomhoide agus don údarás bainistíochta / BOO a luaithe is féidir. I gcás múinteoirí a íoctar ar phárollaí arna n-oibriú ag an Roinn, ba chóir go gcuirfeadh an príomhoide an fhaisnéis seo san áireamh i bhfoirm athraithe bhliantúil na foirne (CP1). Ba cheart foirm ar leith a bheidh ar fáil leis an athrú pacáiste foirne a eisíodh chuig scoileanna a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an rannóg chúí i Rannán Párolla na Roinne. Beidh an fhoirm seo ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne.

#### **8 Cén uair ar cheart dom iarratas a dhéanamh ar choinneáil?**

Is faoin bhfostóir é sin, bunaithe ar riachtanais ghnó a c(h)eantair, a dhéanamh amach cé mhéad d'fhógra a theastaíonn ó fhostaí ar mian leis/léi go measfaí é/í le coinneáil faoin gCiorclán seo. Éilítear ar fhostóirí plé a dhéanamh le fostaithe a thagann isteach sa chatagóir aoise seo ar bhonn tráthúil le fostaithe ionas gur féidir na socruithe is gá a dhéanamh chun aon chur isteach ar an láthair oibre a íoslaghdú.

I gcás múinteoirí agus bhall foirne nach múinteoirí iad i mbunscoileanna, meánscoileanna, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha aitheanta agus i boird oideachais agus oiliúna a bhfuil aois scoir éigeantaigh bainte amach acu faoi dheireadh na scoilbhliana nuair a bhainfidh siad 65 bliana d'aois amach, ba cheart fógra faoi choinneáil a thabhairt chuig a bhfostóir tráth nach déanaí ná deireadh mhí Aibreáin gach bliain.

## **9 Má théim ar scor ar mo dháta scoir éigeantaigh, féadfaidh mé iarratas a dhéanamh ina dhiaidh sin faoi na socruithe sealadacha?**

Ní fhéadfaidh tú. Ní mór iarratas faoi na socruithe sealadacha a dhéanamh roimh an dáta scoir éigeantaigh. Ní féidir iarratas a dhéanamh ar choinneáil tar éis an dáta scoir éigeantaigh.

## **10. Má cheadaítear mo choinneáil, an bhfanfaidh mé i mo phost reatha?**

Fanfaidh. Cé go meastar an tréimhse fostaíochta faoi na socruithe sealadacha mar chonradh nua fostaíochta, beartaítear leis na socruithe sealadacha go leanfaidh an duine ar aghaidh sa phost reatha. Mar shampla, i gcás go raibh duine fostaithe mar Phríomhoide scoile sula scoir sé/sí, leanfaidh sé/sí ar aghaidh mar Phríomhoide na scoile sin don tréimhse fostaíochta faoi na socruithe eatramhacha. Mar sin féin, b'fhéidir nach mbeadh sé seo indéanta i gcónaí agus i gcás nach féidir leis an bhfostóir dá rogha féin, an duine a shannadh chuig post eile ar an ngrád céanna sa fhostaíocht. (Ba cheart go mbeadh socrú den sórt sin laistigh de na rialacha atá ann faoi láthair maidir le hathshuíomh).

## **11. An féidir liom mo phátrún oibre a athrú don tréimhse fostaíochta faoi na socruithe sealadacha?**

Fillfidh tú ar phatrún oibre leis na huairanta céanna nó níos lú. Tá aon iarratas ar laghdú uairanta faoi réir riachtanas gnó na heagraíochta agus comhaontú an fhostóra.

## **12. An áiríteofar tréimhse mo choinneáil chun pinsin?**

Ní áiríteofar. Faoin socrú sealadach, críochnófar seirbhís inphinsin ar an lá a shroichtear aois scoir éigeantaigh. Dá réir sin ní áirítear an tréimhse coinneála i dtreo pinsin.

## **Pá agus Pinsean**

### **13. An mbeidh aon athrú tuarastail ann don tréimhse coinneála?**

Beidh, don tréimhse fostaíochta faoi na socruithe sealadacha cuirfear an duine ar an an gcéad phointe den scála pá iomchuí (i gcás ina mbeidh scála tuarastail iontrála nua ann don ghrád, cuirfear an duine ar an gcéad phointe den scála tuarastail iontrála nua). Más rud é go díreach roimh an scor go raibh an duine ar ráta PPC, agus ansin tar éis coinneála cuirfear an duine ar an gcéad phointe den scála neamh-PPC (le cur san áireamh nach bhfuil aon ranníocaíocht pinsin iníoctha).

### **14. Bhí mé ag fáil liúntas inphinsin, mar bhreis ar phá bunúsach, an leanfar ar aghaidh ag íoc na liúntas sin le linn na tréimhse sealadaí?**

Ní bheidh liúntais a tarraingíodh siar le haghaidh tairbhíthe nua i mí Feabhra 2012 faoi athbhreithniú na seirbhíse poiblí ar liúntais iníoctha le linn na tréimhse sealadaí. Féadfar liúntais atá fós iníoctha le tairbhíthe nua a íoc, faoi réir na gcoinníollacha chun an liúntas a chomhlíonadh a íoc. Mar shampla, nuair a bhí duine fostaithe mar Phríomhoide Cúnta i scoil

sula scoir sé, leanfaidh sé ar aghaidh mar Phríomhoide Cúnta don tréimhse fostaíochta faoi na socruithe sealadacha agus íocfar liúntas Príomhoide Cúnta.

**15. Bheinn i dteideal méadú pá dá mbeinn tar éis fanacht i mbun seirbhíse ar feadh 6 mhí eile, an rachaidh mé ar aghaidh ón gcéad pointe ar an scála tuarastail nuair a bheidh an tréimhse sin caite?**

Ní rachaidh. Meastar gur fostaíocht nua í an tréimhse fostaíochta faoi na socruithe sealadacha agus dá réir sin ní théann seirbhís i dtreo incriminte a rinneadh roimh an scor ar aghaidh go dtí an tréimhse sin.

**16. Bheinn tar éis an pointe a bhaint amach nuair a bheadh an Liúntas Seirbhíse Fada (múinteoirí) iníoctha tar éis 4 mhí eile seirbhíse, an áiritheofar coinneáil le linn an tsocraithe shealadaigh i dtreo na tréimhse?**

Ní áiritheofar. Meastar gur fostaíocht nua í an tréimhse fostaíochta faoi na socruithe sealadacha agus dá réir sin ní i dtreo na seirbhíse tairsí don Liúntas Seirbhíse Fada do mhúinteoirí.

**17. Is Cúntóir Riachtanas Speisialta mé. Má cheadaítear mo choinneáil an gcoinnítear m'áit ar an liosta sinsearachta i mo scéim scoile/BOO?**

Ní choinnítear. Le fírinne, measfar mar iontrálaí nua tú faoi na socruithe sealadacha seo agus dá bhrí sin ní choinníonn tú do dháta réamhscoir ar liosta shinsearachta.

Ina theannta sin, nuair atáthar ag ceadú d'iarratais ar choinneáil, caithfidh d'fhostóir a bheith sásta go bhfuil gá gnó ann mar bharántas chun tú a choinneáil, .i. go bhfuil ról leanúnach ar fáil duit fad na tréimhse coinneála ceadaithe. Dá bhrí sin, má laghdaítear an leithdháileadh do chúntóirí riachtanas speisialta do do scoil/BOO le linn thréimhse na socruithe eatramhacha sin measfar nach bhfuil ról leanúnach ar fáil duit a thuilleadh.

**18 An mbeidh mé faoi dhliteanas ranníocaíochtaí pinsin a íoc don tréimhse choinneála?**

Ní bheidh, ós rud é nach seirbhís inphinsin í an tréimhse, ní bheidh aon ranníocaíochtaí pinsin iníoctha.

**19. An mbeidh mé fós faoi dhliteanas maidir le Asbhaint a bhaineann le Pinsin (PRD) ó phá i rith na tréimhse coinneála?**

Beidh, bainfear fós as PRD. (Go ginearálta, tá feidhm ag PRD i gcás seirbhíseach poiblí atá i bhfostaíocht inphinsin sa tseirbhís phoiblí, nó i gcás daoine a fhaigheann tuarastal ó chistí seirbhíse poiblí, ach ní i seirbhís inphinsin, a d'fhabhraigh teidlíocht ar aoisliúntas sochair faoi scéim pinsin na seirbhíse poiblí.)

**20. Cad a tharlaíonn do mo phinsean agus do mo chnapshuim, má choinnítear mé faoi na socruithe sealadacha thar aois scoir éigeantaigh?**

Beidh ort iarratas a dhéanamh ar shochair phinsin sa ghnáthbhealach mar a chuireann tú isteach ar an dáta scoir éigeantaigh.

Ina theannta sin, ní mór duit cruthúnas a chur ar fáil don Aonad Pinsin de d'fhostóir le cruthúnas de do choinneáil chomh luath agus is féidir. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí chóip den fhoirm coinneála (aguisín B den chiorclán) a shíniú ag d'fhostóir agus agat féin.

Íocfar Aisce Chnapshuime (tar éis d'iarratas Scoir a fháil) a luaithe is indéanta tar éis do dháta scoir éigeantaigh.

Déanfar an Pinsean Bliantúil a ríomh ar an ngnáthbhealach. Mar sin féin déanfar do phinsean a mhaolú, rud a chiallaíonn nach bhféadfadh cuid den phinsean nó an pinsean go léir a bheith iníoctha agus tú fós fostaithe faoin socrú coinneála. Tugtar laghdú pinsin air seo. Féach Eiseamláirí Léaráideacha maidir le hoibriú an Laghdaithe san Aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo.

Nuair a stoptar do phinsean ina iomláine ar feadh tréimhse na coinneála i bhfostaíocht, tosóidh sé díreach tar éis dheireadh na tréimhse coinneála. Mar an gcéanna, nuair a íoctar do phinsean ag leibhéal laghdaithe, déanfar é a athbhunú chuig an luach iomlán ag deireadh na tréimhse coinneála.

(Nóta: Chun aon mhoill sa ghníomhachtú a sheachaint ba cheart don duine dul i dteagmháil le hAonad Pinsin d'fhostóra gar do dheireadh thréimhse na coinneála.

**21. Má scoirfidh mé roimh dháta mo scoir éigeantaigh, an féidir liom iarratas a dhéanamh ar choinneáil thar an dáta scoir éigeantaigh?**

Ní féidir. Ní bheidh na socrúithe sealadacha i bhfeidhm maidir le haon duine a théann ar scor sula ndéantar an dáta scoir éigeantaigh a bhaint amach.

**22. An mbeidh feidhm ag na Socrúithe sealadacha maidir le duine ar bith a bhfuil dáta scoir éigeantaigh aige/aici agus é/í os cionn 66 bliain d'aois?**

Ní bheidh, ní beidh feidhm ag na socrúithe sealadacha i gcás den sórt sin.

**23. Beidh mé 66 bliain d'aois i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus tá sé i gceist agam iarratas a dhéanamh ar choinneáil ó mo dháta scoir éigeantaigh an 31 Lúnasa i mbliana. Beidh mé i dteideal Pinsin bhig Ranníocaigh Stáit ag an am sin. Má éilím an Pinsean Stáit ag an am sin an mbeidh tionchar aige ar aon bhealach ar mo fhostaíocht leanúnach san earnáil oideachais?**

Ní bheidh

**24. Cé leis/léi is féidir liom teagmháil a dhéanamh liom má bhíonn ceisteanna eile agam?**

Ba cheart fiosrúcháin a sheoladh chuig: [retirementage@education.gov.ie](mailto:retirementage@education.gov.ie)

## AGUISÍN (Ceisteanna Coitianta)

### Laghdú:

**Cad is Laghdú Pinsin ann?:** Is meicníocht é an laghdú trína ndéantar pinsin seirbhíse poiblí a laghdú nó a scor i gcás ina nglacann an té atá á fháil, tar éis dó/di éirí as fostaíocht seirbhíse poiblí, le fostaíocht seirbhíse poiblí ina dhiaidh sin.

Faoi phrionsabal an laghdaithe déantar measúnú ar thuilleamh comhcheangailte an duine - (pinsean móide pá sa ról nua) chun a fháil amach má sháraítear an pá ar a ríomhtar na sochair pinsin. Go ginearálta, d'fhéadfaí go mbeadh do phinsean (i) gan aon athrú, nó (ii) stoptha ina iomláine, nó (iii) arna íoc ag leibhéal laghdaithe. Léiríonn an méid seo a leanas na tionchair éagsúla i gcásanna den sórt sin.

- (i) I gcás ina bhfuil an t-ioncam comhcheangailte (pinsean móide pá san fhostaíocht nua) níos lú ná an pá ar a bhfuil an pinsean bunaithe, ní dhéanfar aon choigeartú ar an bpinsean.
- (ii) I gcás go bhfuil an pá sa fhostaíocht nua comhionann le nó níos mó ná an pá ar a bhfuil an pinsean bunaithe, scoirfidh an pinsean go hiomlán, fad tréimhse na fostaíochta nua.
- (iii) I gcás go bhfuil an pá san fhostaíocht nua níos lú ná an pá ar a bhfuil an pinsean bunaithe, ach go bhfuil an pá nua nuair atá sé in éineacht leis an bpinsean níos mó ná an pá ar a bhfuil an pinsean bunaithe, laghdaítear an pinsean dá réir sin.

### Sampla arna léiriú:

Sampla léirithe de (i) thuas – Pá deiridh chun pinsean a ríomh = €64,000; Pinsean Bliantúil = €32,000; Pá nua sa ról reatha = €30,000. Ós rud é go bhfuil (32,000 + 30,000) níos lú ná €64,000 níl laghdú ar bith sa chás seo.

Sampla léirithe de (ii) thuas - Pá deiridh chun pinsean a ríomh = €60,000; Pinsean Bliantúil = €30,000; Pá nua sa ról reatha = €65,000. Ós rud é go bhfuil an pá nua níos mó ná €60,000, tá an pinsean laghdaithe go hiomlán. Ní fhéadfar ach an pinsean amháin a laghdú, áfach, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil tionchar ag an laghdú ar an bpá nua (atá níos mó sa sampla seo ná an pá ar a raibh an pinsean bunaithe).

Sampla léirithe de (iii) thuas – Pá deiridh chun pinsean a ríomh = €60,000; Pinsean Bliantúil = €30,000; Pá nua sa ról reatha = €35,000. Ós rud é go bhfuil (30,000 + 35,000) níos mó ná €60,000, tá an pinsean laghdaithe faoi €5,000. Dá réir sin, tá an duine, i dteannta leis an ráta pá bliantúil san fhostaíocht nua de €35,000, i dteideal pinsin ag an ráta bliantúil laghdaithe de €25,000. Is é €60,000 an tuilleamh féideartha (pá + pinsean) ar feadh bliana.

